C/2024/6882

28.11.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Dífhoraoisiú fhoraois bháistí na hAmasóine – na tionchair atá ag an bpróiseas sin ar an athrú aeráide agus ar an gcomhshaol domhanda; na hiarmhairtí a ghabhann leis do chuideachtaí, d'oibrithe agus don daonra

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/6882)

Rapóirtéirí: **Josep PUXEU, Carlos SILVA, John COMER**

Comhairleoir	Mercedes BLAZQUEZ GARCIA-IBARROLA (comhairleoir an rapóirtéara, Grúpa II) Emmanuella DOUSSIS (comhairleoir an rapóirtéara, Grúpa III) Marta SCARPATO (comhairleoir, Grúpa II)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	17.7.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	19.9.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	590
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	130/0/1

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Is ábhar imní do CESE an nasc idir dífhoraoisiú fhoraois bháistí na hAmasóine agus an t-athrú aeráide. Tá CESE den tuairim nach mór na cúiseanna atá leis an dífhoraoisiú sin a scrúdú agus beartais éifeachtacha a fhorbairt chun maolú ar an athrú aeráide, agus na riachtanais a bhaineann le haistriú cóir agus cearta daonna, sóisialta agus comhshaoil na bpobal áitiúil a urramú freisin. Ní mór tacaíocht d'fheirmeoirí gabháltas beag agus do phobail dhúchasacha a bheith ina cuid lárnach de na réitigh chun foraois bháistí na hAmasóine a chosaint agus forbairt agus trádáil inbhuanaithe á gcur chun cinn freisin.

1.2. Dírítear sa tuairim seo ar fhorléargas a thabhairt ar bharúlacha CESE maidir leis an dífhoraoisiú agus maidir le tionchar suntasach an dífhoraoisithe ar an athrú aeráide, ar an mbithéagsúlacht agus ar an gcomhshaol, ar fud an domhain agus i bpobail áitiúla, agus feirmeoirí, cuideachtaí agus go háirithe daoine dúchasacha á gcur san áireamh.

1.3. Ní mór na príomh-thráchtearraí go léir atá ina riosca d'fhoraoisí a chumhdach sna bearta chun aghaidh a thabhairt ar an dífhoraoisiú. Ní mór gníomhaíocht ar thaobh an tsoláthair agus ar thaobh an éilimh a bheith i gceist leis na bearta sin, chun an táirgeadh agus an trádáil a rialú. Thairis sin, ní mór na bearta a chomhaontú trí chomhpháirtíocht, agus, má tá an chomhpháirtíocht le bheith éifeachtach, ní mór comhpháirtíocht iolraíoch a bheith ann a mbeidh táirgeoirí agus tomhaltóirí na dtráchtearraí ábhartha rannpháirteach inti. Beidh gá le córais chomhaontaithe maidir le faireachán, inrianaitheacht agus trédhearcacht chun go mbeidh gach duine in ann a fheiceáil cé na tráchtearraí a bhfuil na caighdeáin riachtanacha á gcomhlíonadh acu agus cé na tráchtearraí nach bhfuil.

1.4. Beidh sé ríthábhachtach don Aontas Eorpach an comhar le tíortha Mheiriceá Laidinigh a neartú ó thaobh na geopholaitíochta, an chomhshaoil agus na geo-eacnamaíochta de. Is gá teagmháil a dhéanamh leis na tíortha go léir a roinneann bithóm na hAmasóine, go háirithe an Bhrasaíl. Tá bithóim eile ann atá i mbaol mór freisin, bithóim atá criticiúil ó thaobh na bithéagsúlachta de, amhail bithóm Chaco, bithóm Cerrado agus bithóm Pantanal.

1.5. Ach Conradh Comhpháirtíochta Straitéisí cothromaithe idir MERCOSUR agus an tAontas a shíniú, chruthófaí creat cobhsaí chun an trádáil a chothú agus na gnéithe comhshaoil agus saothair a dhaingniú freisin, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne an dífhoraoisithe. Ba cheart an comhaontú a bheith bunaithe ar an tuiscint nár cheart an comhshaol nó dálaí saothair a bheith thíos leis an trádáil. A mhalairt ar fad atá i gceist leis – ní mór dó an fhorbairt inbhuanaithe a chothú. A bhuí leis an gcomhaontú, ba cheart comhtháthú domhain a chothú idir an dá pháirtí, mar aon le slabhraí luacha réigiúnacha nua-aimseartha sofaisticiúla, costais trádála níos ísle agus laghdófar an éiginnteacht.

1.6. Is féidir le CESE ról tacaíochta a imirt trí mholtaí a dhéanamh chun muinín a chothú, réimsí a shainaithint inar féidir leis an Aontas agus leis an mBrasaíl oibriú le chéile agus conairí a chur ar fáil le haghaidh sineirge. Is féidir le CESE ról éascaitheora a imirt freisin trí idirphlé fóinteach a fhorbairt le comhpháirtithe i dtíortha Mheiriceá Laidinigh agus trí iontaoibh a chothú go mb'fhéidir gur aistriú i dtreo breis rathúnais a thiocfadh as an aistriú chuig úsáid inbhuanaithe na talún.

1.7. I ndeireadh na dála, is mar dhroichead idir na hinstitiúidí Eorpacha agus an tsochaí shibhialta a fheidhmíonn CESE. Tá tionchar fónta ag an tsochaí shibhialta eagraithe, a ndéantar ionadaíocht uirthi in CESE, ar an gcaoi a bhfuil an tAontas ag obair le tíortha réigiún na hAmasóine ar mhaithe le foraois bháistí na hAmasóine a chosaint agus forbairt inbhuanaithe, trádáil agus tacaíocht do chearta feirmeoirí gabháltas beag agus do phobail dhúchasacha a chur chun cinn freisin.

1.8. Ní féidir neamhaird a thabhairt ar thionchar criticiúil an dífhoraoisithe ar an tsochaí, ar an gcomhshaol agus ar ghnó. Tá ról ríthábhachtach ag an mBrasaíl, tír ina bhfuil an tearmann dúlra is mó de chuid na hAmasóine, sa chomhrac i gcoinne an dífhoraoisithe. Tá sprioc leagtha síos aici deireadh iomlán a chur leis an dífhoraoisiú neamhdhleathach faoi 2030. Tá gníomh daingean déanta ag an rialtas nua chun saincheist an chomhshaoil a chur i gcroílár a chláir oibre pholaitiúil. In 2025, reáchtálfar an cruinniú mullaigh aeráide (COP30) in Belém do Pará.

1.9. Creideann CESE gur cheart bearta a dhéanamh agus aird chuí á tabhairt ar cheannasacht chontrapháirtithe Mheiriceá Laidinigh, ar thrédhearcacht agus ar chúiteamh, ós rud é gur freagracht de chuid na dtíortha uile é foraoisí trópaiceacha a chaomhnú, ar tíortha iad uile a bhaineann tairbhe as acmhainní foraoise.

1.10. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, beidh paraidím agus sásraí nua ag teastáil sa chaidreamh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach, bunaithe ar mhalartú eolaíoch agus eolais. D'iarr CESE go mbeadh sásra ann le haghaidh freagairt phráinneach chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine agus don tsochaí shibhialta a bhfuil foraoisí á gcosaint acu laistigh den Aontas agus lasmuigh de agus chun tacaíocht a thabhairt do na daoine sin chun aistriú cóir a dhéanamh i dtreo conairí agus cleachtais níos inbhuanaithe. Tá méadú ag teacht ar líon na bhfeirmeoirí agus na bhfeirmeoirí beaga a bhíonn ag plé le contrapháirtithe áitiúla, Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le cleachtais fhreagracha a dhoiciméadú faoi scéimeanna deimhniúcháin nó faoi thionscnaimh tírdhreacha.

1.11. Tá CESE den tuairim gurb é an dúshlán is mó atá ann do thaidhleoireacht aeráide an Aontais a bheith ag obair in éineacht le tíortha comhpháirtíochta chun a n-uaillmhianta ó thaobh na haeráide de a mhéadú agus tacaíocht a thabhairt do na daoine is leochailí freisin. Ní mór féachaint ar an athrú aeráide mar fhadhb chomhshaoil agus mar fhadhb shóisialta, fadhb nach mór teacht ar réitigh ina leith lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin éagsúla, lena n-áirítear dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus leis an neamhionannas, le héiginnteacht an tsoláthair bia agus uisce, le cailliúint na bithéagsúlachta agus le géarchéimeanna sláinte.

1.12. Aithníonn CESE nach bhfuil na hacmhainní airgeadais agus teicneolaíocha ag na tíortha uile, ná na hacmhainní fothaithe acmhainneachta is gá, chun dul i dtreo an aistrithe aeráide. Ní mór don Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le foinsí airgeadais poiblí agus príobháideacha a shlógadh chun cabhrú le tíortha comhpháirtíochta tionchar an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhainistiú, ó thaobh an gheilleagair, an chomhshaoil agus na sochaí de chun pleananna um aistriú cóir a mhúnlú.

2. **Cuspóir na tuairime**

2.1. Is é is cuspóir don tuairim seo dearcadh ginearálta CESE a chur in iúl maidir le saincheist dhífhoraoisiú fhoraois bháistí na hAmasóine agus aird a tharraingt ar an tionchar ar an athrú aeráide, ar an mbithéagsúlacht agus ar an gcomhshaol domhanda agus ar na hiarmhairtí don fheirmeoireacht, do chuideachtaí, d'oibrithe agus do phobail áitiúla. Féachtar sa tuairim freisin ar na hiarmhairtí ar na sreafaí eacnamaíocha agus trádála idir an tAontas Eorpach agus Mercosur atá mar thoradh ar an idirghníomhaíocht idir dífhoraoisiú fhoraois bháistí na hAmasóine agus beartais an athraithe aeráide. Dírítear inti go príomha ar chomhaltaí nuathofa Pharlaimint na hEorpa, an Choimisiúin Eorpaigh nua agus na Comhairle.

2.2. Is mian le CESE seasamh institiúideach a ghlacadh agus dearcadh shochaí shibhialta eagraithe an Aontais a chur in iúl maidir le ról ríthábhachtach fhoraois bháistí na hAmasóine, áit dúchais pobal áitiúil agus dúchasach, chun an bhithéagsúlacht a chosaint, an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó, an táirgeadh bia a áirithiú ar fud an domhain agus dé-ocsaíd charbóin a ionsú agus a fhosú. Cuireann caomhnú foraoisí le hinbhuanaitheacht na talmhaíochta agus le caomhnú ithreach agus uisce. Ba cheart an comhrac i gcoinne an dífhoraoisithe a ailíniú le riachtanais an aistrithe chóir a leagadh amach i gComhaontú Pháras 2015 maidir leis an Athrú Aeráide agus sa Chomhaontú Glas don Eoraip ó 2019, lena ráthaítear go mbeidh pobail dhúchasacha in ann forbairt, i gcomhréir le Coinbhinsiún 169 ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha i dTíortha Neamhspleácha.

3. **General comments**

3.1. De réir Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe agus an Choimisiúin Eacnamaíochta do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib, cumhdaíonn limistéar foraoise an domhain 4.06 billiún heicteár (ha), is é sin le rá 31 % de dhromchla talún an phláinéid, agus tá leath na speiceas go léir sa limistéar sin. Is i gcúig thír: sa Rúis, sa Bhrasaíl (an tír ina bhfuil an dara limistéar foraoise is mó), i gCeanada, sna Stáit Aontaithe agus sa tSín atá breis agus leath an limistéir sin (54 %). Tá 53.3 % d'fhoraoisí Mheiriceá Theas sa Bhrasaíl (497 milliún ha), ach cailleadh 92.3 milliún ha díobh le 30 bliain anuas. (I bParagua, a rangaítear sa dara háit, cailleadh 9.4 milliún ha).

3.2. Idir 1990 agus 2020, tháinig laghdú seasta ó 53 % go 46 % ar fhoraoisí i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib, agus cailleadh 138 milliún heicteár, i.e. an leathchuid de limistéar talún na hAirgintíne. Is é an dífhoraoisiú ann féin atá freagrach as 11 % de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa. Tá sé ríthábhachtach na hithreacha agus na mianraí sna foraoisí a chosaint ar mhaithe le gníomhaíochtaí talmhaíochta agus beostoic, agus chun go mairfidh an duine. Bíonn tionchar ag an dífhoraoisiú ar an athrú aeráide, rud is cúis le fairsingiú fásaigh, creimeadh ithreach, dóiteáin, tuilte, triomaigh agus galair arna n-iompar ag feithidí. Tugtar le fios i staidéir eolaíocha go bhféadfadh an Amasóin a bheith ina sabhána faoi 2050 má leantar den ráta dífhoraoisithe atá ann faoi láthair.

3.3. Braitheann an talmhaíocht ar an mbithéagsúlacht agus braitheann an bhithéagsúlacht ar fhoraoisí. Braitheann níos mó ná 75 % de bharra bia an domhain ar phailniú ó ainmhithe. Braitheann earnálacha tionsclaíocha ar an éagsúlacht ghéiniteach agus ar sheirbhísí éiceachórais dá dtáirgeadh (leigheasanna, lena n-áirítear ábhair fhrithmhiocróbacha). Braitheann níos mó ná leath de OTI ar an dúlra, lena n-áirítear trí earnáil eacnamaíocha (an tógáil, an talmhaíocht, agus bia agus deochanna).

3.4. Tá níos mó fianaise ann maidir le héifeachtaí an athraithe aeráide ar bhia agus ar an gcothú. Déanann anailís chuimsitheach ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil doiciméadú ar thionchar athruithe teochta, frasaíochta, eachtraí adhaimsire agus éagsúlachta i bpatrúin lotnaidí agus galar ar thalmhaíocht agus ar iascach, rud a scaipeann breis ionfhabhtuithe beostoic.

3.5. Cumhdaítear 7.4 milliún km² leis an Amasóin, is é sin le rá 4.9 % de limistéar ilchríochach an domhain, atá ar aon mhéid, a bheag nó a mhór, leis na 27 mBallstát san Aontas Eorpach. Tá codanna den Bholaiv, den Bhrasaíl, den Cholóim, d'Eacuadór, den Ghuáin, de Pheiriú, de Shuranam agus de Veiniséala san áireamh sa limistéar sin. Is in Abhantrach na hAmasóine atá an méid is mó foraoisí báistí trópaiceacha ar domhan (885 mhilliún ha), agus tá 60 % de na foraoisí sin sa Bhrasaíl. Meastar gur sa Bhrasaíl atá an t-éiceachóras is flúirsí ar domhan ó thaobh na bithéagsúlachta de. Meastar go bhfuil 28 milliún duine ina gcónaí in abhantrach na hAmasóine, áit a bhfuil cónaí ar 400 pobal dúchasach ar a laghad agus níos mó ná 300 teanga á labhairt acu.

3.6. Taispeánann íomhánna satailíte ón tréimhse 1988-2020 ó Thionscadal um Fhaireachán Satailíte ar Dhífhoraoisiú Dlíthiúil na hAmasóine (PRODES), ó Institiúid Náisiúnta na Brasaíle um Thaighde Spáis (INPE), go soiléir gur cuireadh plandálacha foraoiseachta (méadú 274 % idir 1986 agus 2019), talmhaíocht (160 %) agus gníomhaíochtaí beostoic (innilt) in ionad foraoisí (atá ag meath ó 2000 i leith). Tá tionscail eastóscacha na hola, an ghéis agus na mianraí criticiúla ina gcúis mhór le dífhoraoisiú na hAmasóine freisin. In 2023, cailleadh 9 064 km² d'fhoraoisí (laghdú 28.2 % tar éis don fhigiúr sin a bheith ag méadú le 5 bliana anuas). Is iad Pará, Amazonas agus Mato Grosso na réigiúin sa Bhrasaíl is mó atá thíos leis an dífhoraoisiú. Tá bithóim chriticiúla eile i mbaol mór freisin, amhail an Chaco, Pantanal agus Cerrado (áit inar tháinig méadú 25 % ar an dífhoraoisiú in 2022 agus méadú eile 3 % in 2023).

3.7. Baineann tionchar suntasach sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil leis an dífhoraoisiú agus tá ról ceannasach ag an mBrasaíl le fada sa chomhrac i gcoinne an dífhoraoisithe agus an athraithe aeráide. Ag Comhdháil 2023 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP28) in Dubai, cuireadh saincheisteanna comhshaoil agus cosaint foraoisí trópaiceacha ar ais i gcroílár chlár oibre rialtas na Brasaíle.

3.8. Dheimhnigh Uachtarán na Brasaíle, Luiz Inácio Lula da Silva, agus an tAire Comhshaoil Marina Silva, ar gníomhaí timpeallachta í chomh maith, go bhfuil an Bhrasaíl sásta dul i ngleic leis an athrú aeráide trína spriocanna a choigeartú agus deireadh a chur leis an dífhoraoisiú in abhantrach na hAmasóine faoi 2030. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh. Beidh COP30, a reáchtálfar in Belém do Pará, i gcroílár abhantrach na hAmasóine sa Bhrasaíl, ina dheis stairiúil chun tús a chur leis an bplé le Parlaimint nuathofa na hEorpa.

3.9. D'athdhearbhaigh an tUasal Lula go bhfuil rún aige 'deireadh a chur leis an dífhoraoisiú neamhdhleathach' sa Bhrasaíl faoi 2030, trí shásraí amhail an chomhpháirtíocht a fógraíodh le déanaí le Ciste na hAmasóine agus Floresta+, lena n-eisíocfar R$ 730 milliún (thart ar EUR 132 mhilliún) le bardais chun an dífhoraoisiú agus tinte foraoise in abhantrach na hAmasóine a chomhrac. Tá an tionscadal sin ina chuid de Phlean Gníomhaíochta na Brasaíle maidir le Dífhoraoisiú a Chosc agus a Rialú san Amasóin Dhlíthiúil (PPCDAm), lena gcruthófar nasc leis na bardais is mó a chuireann leis an dífhoraoisiú agus a thabharfaidh tacaíocht airgeadais dóibh. Is talamh dúchasach é 11.6 % den Bhrasaíl; le bliain go leith anuas, rinneadh 10 gcríoch dhúchasacha a chríochú. Léiríonn na tionscnaimh sin go bhfuil toilteanas athnuaite ann an staid a aisiompú.

3.10. I bPleananna Gníomhaíochta 2023-2027 na Brasaíle, cuirtear i bhfáth go ndéanfar suas le 5 mhilliún heicteár breise a chur le limistéar na bhforaoisí poiblí feidearálacha faoi lamháltas faoi 2027, go mbeidh níos mó acmhainní daonna ann chun an dífhoraoisiú a chomhrac agus go n-úsáidfear an intleacht shaorga chun coireanna comhshaoil a chianrianú. Beidh príomhcholúin na gníomhaíochta ag brath ar roghanna malartacha inbhuanaithe agus eacnamaíocha, rialú agus faireachán comhshaoil, pleanáil chríochach agus talamhúsáide agus bearta reachtacha agus eacnamaíocha, amhail an margadh carbóin, chun srian a chur leis an dífhoraoisiú.

3.11. Is díol sásaimh do CESE an dul chun cinn dearfach sin agus tá dóchas aige go mbeidh toradh dearfach ar na beartais fhrith-dhífhoraoisithe, agus aird chuí á tabhairt ar an trédhearcacht, ar an urraim don cheannasacht agus ar an gcúiteamh is gá do chontrapháirtithe Mheiriceá Laidinigh ar mhaithe le habhantrach na hAmasóine a chaomhnú. Tá CESE den tuairim freisin nár cheart a mheas gurb ionann foraoisí a chaomhnú agus an fás eacnamaíoch agus an tslándáil bia a chur i mbaol. Is í an phríomhdheacracht atá ann cosaint na hAmasóine agus cearta bunúsacha na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil a thabhairt le chéile le hathbheochan an gheilleagair, leis an mbochtaineacht a laghdú agus le haistriú cóir a bhaint amach nach bhfágfaidh aon duine ar lár.

3.12. Cuireann an fhoraois bháistí slite beatha ar fáil do na pobail is leochailí. Mar sin féin, ar scála níos mó, tá a ranníocaíocht mar acmhainn do gheilleagair náisiúnta an fho-réigiúin fós an-teoranta toisc go bhfuil sé níos lú ná 2 % de OTN. Sa Bhrasaíl, áfach, meastar gurb é 5 % an figiúr sin. Mar sin féin, sa gheilleagar neamhfhoirmiúil, go háirithe i lonnaíochtaí tuaithe agus dúchasacha, tá ról ríthábhachtach ag na foraoisí mar phríomhfhoinse slite beatha an daonra, lena n-áirítear bia, uisce, ábhair tógála agus táirgí foraoise eile. Tá thart ar 28 milliún duine ina gcónaí agus ag obair sa bhithóm seo agus teastaíonn fostaíocht chobhsaí, chuibhiúil agus ardcháilíochta uathu le ráthaíochtaí chun a slí bheatha a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí a sholáthraíonn breisluach, mar shampla an agra-éiceolaíocht agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha nua atá bunaithe ar leigheas na todhchaí, a bhfuil caomhnú na bhforaoisí ina réamhchoinníoll ríthábhachtach ina leith. Ní mór praghsanna córa agus fostaíocht chobhsaí dá slite beatha a ráthú agus a chaomhnú.

3.13. Dá bhrí sin, ní mór caidreamh nua a chruthú idir an tAontas Eorpach agus tíortha réigiún na hAmasóine, bunaithe ar eolas teicniúil agus eolaíoch, d'fhonn fo-éifeachtaí gníomhaíochtaí neamhdhleathacha sna foraoisí sin, amhail gáinneáil ar dhrugaí, lománaíocht agus mianadóireacht neamhdhleathach a chomhrac. A bhuí le cúiteamh airgeadais idirnáisiúnta, is féidir cistí a sholáthar le haghaidh taighde rannpháirtíochta, ardoideachas bunaithe ar nuatheicneolaíochtaí, agus chun deiseanna a chruthú maidir le hidirphlé idir cinnteoirí an Aontais agus na grúpaí áitiúla a bheidh thíos leis an méid sin. I ndáil leis sin, is túsphointe maith é an t-idirphlé idir CESE agus Comhairle na Brasaíle um Fhorbairt Eacnamaíoch, Shóisialta agus Inbhuanaithe, a atosaíodh le déanaí.

3.14. Le clár Amazonia+ an Aontais a seoladh le déanaí, i gcomhar le tíortha Mheiriceá Theas a roinneann an bithóm sin, cuirfear le tionscnaimh réigiúnacha trí shásra chun páirt a thabhairt do phobail áitiúla, lena n-áirítear pobail dhúchasacha, maidir le rialachas na bhforaoisí agus glasú na slabhraí soláthair. Ina theannta sin, d'fhéadfaí a spreagadh go n-úsáidfí cistí ón straitéis 'Global Gateway' i scéimeanna cúitimh d'údaráis áitiúla chun a áirithiú go leanfaidh caomhnú na bhforaoisí de bheith tarraingteach ó thaobh an gheilleagair de. Sampla den dul chun cinn a thabhairt le chéile le caomhnú na bhforaoisí is ea an ciste 'Tropical Forests Forever'.

3.15. Le fada an lá, chuir an tAontas leis an dífhoraoisiú trí sciar suntasach de tháirgí gaolmhara a ídiú. Tá gníomhaíocht bhreise déanta ag an Aontas ó glacadh an Comhaontú Glas don Eoraip in 2019 agus Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030. De réir staitisticí an Aontais, tá an Eoraip ar cheann de na hallmhaireoirí tráchtearraí is mó a bhfuil baint aige leis an dífhoraoisiú, lena n-áirítear 50 % de chaife agus 60 % de chócó ar fud an domhain. I staidéir measúnaithe tionchair, measadh go dtiocfadh méadú de thart ar 248 000 heicteár in aghaidh na bliana faoi 2030 ar an dífhoraoisiú mar gheall ar thomhaltas na dtáirgí sin san Aontas amháin. Tá gealltanas tugtha ag an Aontas éiceachórais a chosaint trí tháirgí atá nasctha leis an dífhoraoisiú a rialú ar a theorainneacha.

3.16. Áirítear leis an ngníomhaíocht sin an Rialachán maidir le táirgí atá saor ó dhífhoraoisiú lena dtugtar aghaidh ar tháirgí a bhaineann leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas, amhail an ola phailme, soighe, adhmad, cócó, caife, eallach agus rubair, gan ach roinnt bheag díobh a lua. Bunaítear leis an rialachán córas trí chiseal chun measúnú a dhéanamh ar thíortha nó ar chodanna díobh i dtrí chatagóir riosca, déantar foráil ann maidir le sásra rialaithe agus faireacháin agus déantar cumhacht rialaithe a tharmligean chuig na húdaráis inniúla sna Ballstáit. Ba cheart faisnéis agus cosaint tomhaltóirí a bheith ina ngnéithe bunriachtanacha de na beartais sin.

3.17. D'fhéadfadh éifeachtaí éagsúla a bheith ag reachtaíocht chomhshaoil an Aontais ar na slabhraí luacha lena mbaineann agus d'fhéadfadh sé a bheith deacair iad a thuar, ós rud é go mbraitheann siad ar thosca éagsúla: ullmhacht gach slabhra luacha, rochtain ar theicneolaíocht nó ar mhaoiniú, aicmiú riosca gach tíre ar leith, cinntí arna ndéanamh ag táirgeoirí agus trádálaithe, praghasleaisteachas, éileamh ó mhargaí eile nach margaí de chuid an Aontais iad, etc. D'fhéadfaí difear tromchúiseach a dhéanamh do shreafaí trádála, agus d'fhéadfaí onnmhairí tráchtearraí a atreorú chuig margaí a fhásann níos tapúla. Beidh micreachuideachtaí agus cuideachtaí beaga na cuideachtaí is leochailí mar gheall ar a dheacra atá sé dóibh ceanglais inrianaitheachta agus chomhshaoil a chomhlíonadh, mar aon leis na costais ghaolmhara a chumhdach.

3.18. Ba cheart an Comhaontú idir an tAontas agus Mercosur a bheith bunaithe ar an tuiscint nár cheart an comhshaol nó dálaí saothair a bheith thíos leis an trádáil. A mhalairt ar fad atá i gceist leis – ní mór dó an fhorbairt inbhuanaithe a chothú. Tá CESE á éileamh go ráthófar leis an gComhaontú seo creat cobhsaí chun na rialacha maidir le sreafaí trádála, caighdeáin chomhshaoil agus cearta oibrithe a rialáil. Ní mór gnóthachain eacnamaíocha an chomhaontaithe a chothromú leis na gnéithe sóisialta agus comhshaoil. Ina theannta sin, leis an gcomhaontú seo ba cheart comhtháthú domhain a chothú idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach, slabhraí luacha réigiúnacha nua-aimseartha agus sofaisticiúla a fhorbairt, na costais trádála a ísliú agus an éiginnteacht a laghdú. Ó thaobh na geo-eacnamaíochta de, is é an tAontas Eorpach an chéad mhórpháirtí trádála a chuirfidh comhaontú le Mercosur ar bhonn foirmiúil: níl comhpháirtí trádála comhchosúil ag na Stáit Aontaithe ná ag an tSín, agus níor cheart neamhaird a thabhairt ar an tábhacht gheopholaitiúil, gheo-chomhshaoil agus gheo-eacnamaíoch a bhaineann leis.

3.19. Tá ról ríthábhachtach ag an mBrasaíl maidir le measúnú a dhéanamh ar staid an dífhoraoisithe, go háirithe in abhantrach na hAmasóine sa Bhrasaíl. Le daingniú an chomhaontaithe, d'fhéadfaí forbairt inbhuanaithe agus creat dlíthiúil cobhsaí iontaofa a áirithiú chun reachtaíocht chomhshaoil a fhorfheidhmiú, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne an dífhoraoisithe. Ag an am céanna, ba cheart go ráthófaí leis go bhfreastalófar ar éilimh dhlisteanacha na sochaí sibhialta agus go ndaingneofar cearta daonna, sóisialta agus saothair gníomhaithe leochaileacha, i gcomhréir leis na sásraí a leagtar amach i gcroíchoinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go háirithe na cearta sin a bhaineann le hobair chuibhiúil. Is deis é freisin do chuideachtaí Mheiriceá Laidinigh agus na hEorpa a mhéid a bhaineann le comhoibriú maidir le haistriú eolais, comhar teicneolaíochta agus borradh a chur faoin nuálaíocht.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Tá sé curtha in iúl cheana féin ag CESE go bhfuil imní air faoin tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bheidh ag cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus ag beartais an Aontais ar an dífhoraoisiú. Ag an am céanna, beidh tionchar díreach ar an dífhoraoisiú ag laghdú na bochtaineachta, ag cruthú agus iolrú deiseanna chun rochtain a fháil ar shlite beatha cuibhiúla (lena n-áirítear poist ardcháilíochta) agus ag an infheistíocht san fhorbairt tuaithe. D'aithin CESE freisin nach mór tábhacht chultúrtha na bhforaoisí a chur san áireamh agus an dífhoraoisiú á laghdú, go háirithe do na pobail tuaithe agus foraoise.

4.2. Sa tuairim uaidh *An baol dífhoraoisithe agus díghrádaithe foraoisí a bhaineann le táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais a íoslaghdú*, chuir CESE chun suntais a thábhachtaí atá an comhar le tíortha is táirgeoirí chun tacú leis an Aontas aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an dífhoraoisithe.

4.3. Tá CESE á iarraidh go dtabharfar sásra mearfhreagartha isteach chun tacú le daoine agus leis an tsochaí shibhialta a dhéanann foraoisí laistigh den Aontas agus lasmuigh de a chosaint. Ní dhéanann formhór mór na bhfeirmeoirí agus na bhfeirmeoirí beaga cleachtais neamhdhleathacha ná dífhoraoisithe. Tá méadú ag teacht ar líon na bhfeirmeoirí agus na bhfeirmeoirí beaga a bhíonn ag plé le contrapháirtithe áitiúla, Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le cleachtais fhreagracha a dhoiciméadú faoi scéimeanna deimhniúcháin nó faoi thionscnaimh tírdhreacha. Ní mór don Aontas dul i dteagmháil le tíortha táirgeora chun tacú le haistriú cóir na ndaoine sin i dtreo conairí agus cleachtais níos inbhuanaithe. Ní mór don Choimisiún Eorpach treoirlínte soiléire a chur ar fáil gan mhoill chun teacht ar réiteach ar na fadhbanna a eascraíonn as na neamhréireanna i gcur chun feidhme an Rialacháin maidir le dífhoraoisiú san Aontas Eorpach.

4.4. Ina theannta sin, sa tuairim *Taidhleoireacht Aeráide an Aontais*, chuir CESE in iúl gurb é an dúshlán is mó atá ann do thaidhleoireacht aeráide an Aontais a bheith ag obair in éineacht le tíortha comhpháirtíochta chun a n-uaillmhianta ó thaobh aeráide de a mhéadú agus tacaíocht a thabhairt do na daoine is leochailí freisin. Chuir CESE in iúl sa tuairim sin freisin go bhfuil cur chuige iomlánaíoch á chur chun cinn aige. Feictear do CESE nach fadhb chomhshaoil amháin atá san athrú aeráide a éilíonn réitigh theicniúla nó iompraíochta, ach gur saincheist shóisialta é freisin nach mór aghaidh a thabhairt uirthi trí athruithe eacnamaíocha, polaitiúla, cultúrtha agus institiúideacha. Maidir le cuid de na réitigh sin, bheifí in ann athruithe a thabhairt isteach sa tsochaí lena rachfaí i ngleic le níos mó ná aon dúshlán amháin ó thaobh na haeráide agus fothú acmhainneachta de, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus an neamhionannas, neamhshlándáil bia, neamhshlándáil uisce, cailliúint bithéagsúlachta agus géarchéimeanna sláinte. Ag an am céanna, leis na réitigh ar na dúshláin sin, d'fhéadfadh sé go rannchuideofaí leis an athrú aeráide a mhaolú agus le hoiriúnú dó. Ar an gcúis sin, ní mór an taidhleoireacht aeráide a bheith ina cuid lárnach de straitéis uileghabhálach, bunaithe ar ghealltanais an Aontais chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

4.5. Aithníonn CESE nach bhfuil na hacmhainní airgeadais agus teicneolaíocha ag na tíortha go léir, ná an fothú acmhainneachta atá ag teastáil, chun conair an aistrithe aeráide a leanúint. Chun acmhainneacht agus scileanna a fheabhsú, tacaíonn CESE le comhaontuithe idir ollscoileanna lena gcuirtear teicneolaíochtaí glana chun cinn agus lena bhforbraítear gairmeacha a bhaineann le saothrú sláintiúil foraoisí, i measc nithe eile. Ba cheart don Aontas ceannaireacht a thabhairt agus bonneagar agus córais mhaoiniúcháin agus rialachais a fhorbairt trí fhoinsí airgeadais phoiblí agus phríobháideacha a shlógadh chun cuidiú le tíortha comhpháirtíochta tionchar an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhainistiú, a n-éagsúlú eacnamaíoch a chothú, pleananna um aistriú cóir a mhúnlú agus tacú le tionscadail um oiriúnú agus um bainistiú riosca ar mhaithe le rioscaí leochaileachta aeráide a chosc agus a laghdú.

4.6. Le déanaí, sheol an tAontas an straitéis 'Global Gateway', tionscnamh lena ndaingneofar infheistíochtaí dar luach EUR 300 billiún don tréimhse 2021-2027. Le 'Global Gateway', tugtar aghaidh ar na príomhdhúshláin dhomhanda trí chomhar réigiúnach agus déthaobhach. Leis na comhpháirtíochtaí tosaíochta le Meiriceá Laidineach agus leis an mBrasaíl, dírítear go háirithe ar an athrú aeráide a chomhrac, ar bhorradh a chur faoin aistriú fuinnimh agus digiteach, agus ar fhoraoisí a chosaint. Tá an dara buiséad is mó de thionscnamh 'Global Gateway' ag Meiriceá Laidineach agus tá sé ríthábhachtach a bheith ar an eolas faoin gcéatadán a rachaidh chuig tionscadail a bhfuil baint ag an tsochaí shibhialta leo agus tionscadail a thacóidh leis an tsochaí shibhialta. Cuideoidh tionscadail dhéthaobhacha comhair (Amazonia+, Fís Eorpach, EUROsociAL+, EUROCLIMA+, Green Al Invest, etc.) chun dul i ngleic le neamhionannais agus aistriú cóir i dtreo conairí níos inbhuanaithe a bhaint amach.

4.7. Tá rún daingean ag an Aontas na héifeachtaí a bheidh ag cur chun feidhme na rialachán comhshaoil a rinneadh le déanaí a mhaolú, trí chomhar réigiúnach. Chuige sin, sheol an tAontas an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda, don tréimhse 2021-2027. Tá buiséad foriomlán EUR 79 mbilliún curtha ar fáil don ionstraim sin, mar aon le roinnt uirlisí chun a chur ar chumas an Aontais a infheistíochtaí a ghiaráil, go háirithe an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus.

An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE